



**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0902(APP)**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	9333/22
Ábhar:	Ullmhúchán don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, an 18 Deireadh Fómhair 2022 Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin - Díospóireacht bheartais

1. An 3 Bealtaine, ghlac Parlaimint na hEorpa dréacht-togra reachtach le haghaidh dlí nua Toghcháin¹, bunaithe ar Airteagal 223 CFAE, mar aon le rún ina luaitear spreagadh. Téann an Ionstraim² bunaidh siar go dtí 1976 (modhnaithe in 2002 agus in 2018, ach níl an t-athbhreithniú is déanaí i bhfeidhm go fóill, agus bhí roinnt daingnithe ann). Tá comhphrionsabail in Ionstraim 1976 nach mór do na Ballstáit iad a urramú, gan córas toghchánach aonfhoirmeach a shainiú ar fud an Aontais.

¹ 9333/22

² An téacs comhdhlúite: IO L 283, 21.10.2002, lch. 1

2. Faoi Airteagal 223 CFAE, déanfaidh PE togra a dhréachtú i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit uile nó i gcomhréir le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile. Saineoidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, a ghníomhóidh trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, na forálacha is gá. Tiocfaidh na forálacha sin i bhfeidhm tar éis a bhformheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh a gheobhaidh Rúnaíocht na Comhairle.
3. Is iad seo a leanas príomhghnéithe thogra reatha Pharlaimint na hEorpa:
- Rialachán a chur in ionad an chinnidh;
 - Liostaí trasnáisiúnta do thoghlach uile-Aontais: bheadh dhá vóta ag gach vótálaí: ceann amháin le feisirí a thoghadh i dtoghlaigh náisiúnta, agus an ceann eile i dtoghlach uile-AE, comhdhéanta de 28 suíochán breise;
 - Zipliostaí arb é is aidhm dóibh dul i ngleic leis an neamhionannas inscne;
 - An córas *Spitzenkandidaten*: d'fhéadfadh saoránaigh vóta a chaitheamh d'Uachtarán an Choimisiúin le 'príomhiarrthóir' trí na liostaí uile-Aontais;
 - Bearta comhchuibhithe: An 9 Bealtaine mar lá vótála coiteann Eorpach; tráthchláir le haghaidh feachtais nó le haghaidh liostaí a mholadh; vóta poist, aois vótála, aois le seasamh mar iarrthóir;
 - Íostairseach toghcháin 3.5 % do thoghlaigh náisiúnta ina bhfuil níos mó ná 60 suíochán; agus
 - Údarás Eorpach nua um Thoghcháin a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus chun comhlíonadh na rialacha nua a chinntiú. Lasmuigh dá mhisean beacht agus dá raon feidhme, is dócha go n-ardódh sé sin ceisteanna maidir lena bhainistíocht, lena mhaoiniú nó lena fhoireann.

4. Cuireadh tús leis an bplé sa Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta (GAG) faoi Uachtaránacht na Fraince agus leanadh den phlé sin faoi Uachtaránacht na Seicia. Léiríodh sa réamhphlé teicniúil sin dúshláin shonracha a bhaineann le liostaí trasnáisiúnta, bearta a bhfuil sé mar aidhm leo próisis a chomhchuibhiú ar fud an Aontais (e.g. vóta poist, aois vótála, lá vótála coiteann), agus Údarás nua um Thoghcháin a chruthú. D'iarr formhór na dtoscaireachtaí comhairle ó Sheirbhís Dlí na Comhairle chun léargas a thabhairt ar chineál an ghnímh dhlíthiúil atá mar bhunús leis an togra le haghaidh Dlí Toghcháin nua, ar chomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta leis, agus ar chomhoiriúnacht cuid d'úrnuacht an togra leis na Conarthaí. Tiomsaítear tuairimí i scríbhinn ó na toscaireachtaí in 11768/1/22 REV1.
5. I bhfianaise an mhéid sin, measann an Uachtaránacht go bhféadfadh tuilleadh oibre tairbhe a bhaint as treoir pholaitiúil agus, dá bhrí sin, rinne sí foráil do dhíospóireacht bheartais ag cruinniú na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 18 Deireadh Fómhair. Chun díospóireacht na n-airí a stiúradh, d'ullmhaigh an Uachtaránacht ceisteanna, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
-

CEISTEANNA ÓN UACHTARÁNACHT MAIDIR LEIS AN DÍOSPÓIREACHT
BHEARTAIS

1. Ós rud é go bhfuil an comhad casta, an próiseas glactha trom agus gur mian leis an bParlaimint athruithe a chur i bhfeidhm in am do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa atá ar na bacáin i mí na Bealtaine 2024, tá an Uachtaránacht den tuairim gurb íomchuí, ag an bpointe seo, plé polaitiúil a dhéanamh ar roinnt de phríomhghnéithe an togra.
2. Ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta (CGG) an 18 Deireadh Fómhair, iarrtar ar na hairí díriú ar na ceisteanna seo a leanas:
 - a) Cé acu de na hathruithe atá beartaithe ar mian leis na Ballstáit a léiriú i nDlí Toghcháin do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa amach anseo, i gcomparáid leis an gcreat reachtach atá ann faoi láthair?
 - b) Cad iad na gnéithe den togra a mheasann na Ballstáit a bheith níos dúshlánaí, agus a gcreataí intíre faoi seach á gcur san áireamh, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta?
 - c) Is príomhghné den togra ó Pharlaimint na hEorpa é bunú liostaí trasnáisiúnta iarrthóirí a áirithiú do na chéad toghcháin Eorpacha eile i mí na Bealtaine 2024. Cad iad do thuairimí maidir leis an gcoincheap foriomlán liostaí trasnáisiúnta a bhunú, córas na bpríomhiarrthóirí (Spitzenkandidaten) agus cothromaíocht a áirithiú in ionadaíocht na mBallstát i ndáileadh na suíochán?